# TUARASCÁIL AR CHIGIREACHTA RÉAMHCHLÁRÚCHÁIN TUSLA
## Cigireacht mar gheall ar Athrú Beartaithe ar Imthosca

| | |
|---|---|
| **Uimhir Aitheantais Tusla:** | TU2015CC288 |

| | |
|---|---|
| **Ainm na Seirbhíse** | Naíonra Chúil Aodha |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Seirbhíse:** | Ionad Óige Chúil Aodha, Maigh Chromtha, Corcaigh |

| | |
|---|---|
| **Seoladh Ríomhphoist:** | joanne@cnng.ie |

| | |
|---|---|
| **Ainm an tSoláthraí Chláraithe:** | Ray Mac Pháidín |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cineál na Seirbhíse Beartaithe:** | **Seirbhís Cúraim Lae Iomlán** | | **Seirbhís Pháirtaimseartha** | √ | **Seirbhís Sheisiúnach** | √ |
| | **Lárionad Buail Isteach** | | **Seirbhís Feighlíochta Leanaí** | | **Seirbhís Shealadach** | |

| | |
|---|---|
| **An tAthrú beartaithe:** | • Tá sé beartaithe ag an tseirbhís cineál breise seirbhíse a chur leis, - seirbhís pháirtaimseartha a chur ar fáil chomh maith leis an tseirbhís sheisiúnach atá ann cheana féin.<br>• Athrú ar Uaireanta Oibriúcháin ó 09:10 go 12:10 go 09:10 go dtí 14:10 |
| **Líon Beartaithe na Leanaí:** | 21 leanbh ar a mhéid le freastal ar an tseirbhís pháirtaimseartha.<br>22 leanbh ar a mhéid le freastal ar an tseirbhís sheisiúnach (COLÓ). |
| **Athrú Molta tar éis na Cigireachta:** | • 21 leanbh ar a mhéid le freastal ar an tseirbhís pháirtaimseartha am ar bith. Is féidir le 22 leanbh ar a mhéid freastal ar an tseirbhís sheisiúnach am ar bith.<br>• Athrú ar Uaireanta Oibriúcháin óna 09:10 go dtí 14:10 |
| **Athrú cláraithe:** | Cineál Breise Seirbhíse ó Sheirbhís Sheisiúnach go Seirbhís Pháirtaimseartha & Sheisiúnach<br>Athrú ar Uaireanta Oibriúcháin ó 09:10 – 12:10 go dtí 09:10 – 14:10 |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 0 | 8 | 0 | 8 | 2 | 0 | 2 | 4 |

| | |
|---|---|
| **Cigireacht arna déanamh ag:** | M.O'Reilly |
| **Teideal:** | Cigire na Luathbhlianta |

| | |
|---|---|
| **Seoladh Chigireachta na Luathbhlianta, Tusla:** | Cigireacht na Luathbhlianta, Tailte an Ospidéil,<br>Cúil na nGarrán, An Sciobairín, Co Chorcaí P81 PD78 |

| Réasúnaíocht leis an gCigireacht: |
|---|
| **Athrú Beartaithe ar Imthosca** |

**Nóta: Le húsáid na hOifige amháin, le comhlánú ag an Oifig Chlárúcháin**

| | |
|---|---|
| **Stádas Clárúcháin:** | **Seirbhís Pháirtaimseartha & Sheisiúnach Chláraithe do 22 Leanbh (Uasmhéid 21 Leanbh Páirtaimseartha)** |
| **Dáta Clárúcháin** | **17 Lúnasa 2024** |

| Údarás chun cigireacht a dhéanamh |
|---|
| Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(D) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013). |

| | |
|---|---|
| **Cur síos ar an tseirbhís** | Is seirbhís sheisiúnach chláraithe é Naíonra Chúil Aodha a dhéanann freastal ar leanaí idir 2-6 bliana d'aois agus ar leanaí a fhreastalaíonn ar an Scéim um Chúram agus Oideachais Luath-Óige (COLÓ). Bhí an tseirbhís ar oscailt ó Luan go hAoine idir 9:10 agus 12.10. |
| **An tÁitreabh** | Feidhmíonn Naíonra Chúil Aodha ó sheomra amháin atá lonnaithe ar urlár na talún d'fhoirgneamh pobail dhá stór sa sráidbhaile Cúil Aodha, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí. Tá an seomra curtha in oiriúint chun seirbhís luathbhlianta a chur ar fáil ann. Tá dhá leithreas ainmnithe do leanaí sa Naíonra, mar aon le leithreas amháin do dhaoine fásta. Tá áit spraoi iata lasmuigh suite ar chúl agus ar thaobh an fhoirgnimh. |
| **Soláthar foirne** | Tá sé beartaithe ag an tseirbhís go mbeidh beirt daoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí sa seomra.<br>Beidh mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ag an bhfoireann. |
| **Modheolaíocht** | Cigireacht fhógartha a bhí sa chigireacht seo chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhlíonadh le Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 agus Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasú) 2016. Bhí an Chigireacht dírithe ar rialacháin faoi na téamaí seo a leanas: Rialachas, Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh, Sábháilteacht agus Áitreabh. |

| | |
|---|---|
| | Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas trí dhoiciméid a scrúdú, trí bhreathnóireacht dhíreach a dhéanamh, agus trí phlé a dhéanamh leis an bhfoireann chuí. Leagtar amach na torthaí i dtuairisc na cigireachta agus cuirtear san áireamh iad agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an athrú ar imthosca a chlárú. Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus comhlíonadh le próisis riaracháin agus dlíthiúla. Is í an chigireacht a chur an tuarascáil le chéile. |
| **Buíochas** | Ba mhaith leis an gcigire buíochas a ghabháil leis an oifigeach forbartha/comhordaitheoir agus leis an duine i bhfeighil a bhí i láthair ar lá na cigireachta as a gcomhoibriú. |

| Cuid III- Bainistíocht agus Foireann | |
|---|---|
| **Rialachán 9 – Bainistíocht agus Earcaíocht** | |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe—*<br>*(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | Táthar tar éis an ceanglas a chomhlíonadh.<br>(a) Tá duine i bhfeighil ainmnithe agus duine i bhfeighil tánaisteach ainmnithe sa tseirbhís. |

| Cuid III- Bainistíocht agus Foireann | |
|---|---|
| **Rialachán 11 - Leibhéil Foirne** | |
| *(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach tráth líon leordhóthanach de dhaoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*<br>*(8) Gan dochar do mhíreanna (2) go (7)—*<br>*(b) cinnteoidh feighlí leanaí go mbeidh an dara duine, atá eolach ar oibriú na seirbhíse agus i riocht cúnamh a thabhairt don fheighlí leanaí chun an tseirbhís a oibriú, i gcóngar gairid don tseirbhís agus ar fáil chun freastal ar an tseirbhís i gcónaí d'fhonn cúnamh a thabhairt don fheighlí leanaí i gcás éigeandála, agus*<br>*(c) cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí, i gcás go bhfuil an tseirbhís á hoibriú ag an duine i bhfeighil ina aonar nó ina haonar, go mbeidh an dara duine, atá eolach ar seirbhíse agus i riocht cúnamh a thabhairt don duine i bhfeighil chun an tseirbhís a oibriú, i gcóngar gairid don tseirbhís agus ar fáil chun freastal ar an tseirbhís i gcónaí d'fhonn cúnamh a thabhairt don duine i bhfeighil i gcás éigeandála.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | Táthar tar éis an ceanglas a chomhlíonadh: |

| | |
|---|---|
| | (1) Tá sé beartaithe beirt daoine fásta a fhostú a oibreoidh go díreach leis na leanaí. Bhí duine fásta amháin fostaithe faoi Scéim Tacaíochta na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú (AIM).<br><br>(8)<br>(b) Ní bhaineann toisc nach seirbhís feighlíochta leanaí beartaithe í seo.<br>(c) Ní bhaineann toisc nach seirbhís bheartaithe í seo atá á hoibriú ag an duine i bhfeighil ina aonar. |

| Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile | |
|---|---|
| **Rialachán 20 - Saoráidí chun scíth a ligean agus súgradh a dhéanamh** | |
| *(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe—*<br>*(a) ag féachaint don líon leanaí réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, dá n-aoiseanna faoi seach agus don mhéid ama a chaitheann siad san áitreabh, go mbeidh saoráidí leordhóthanacha oiriúnacha ann chun go bhféadfaidh gach leanbh súgradh a dhéanamh laistigh agus, i gcás go gceanglaítear leis na Rialacháin seo é, súgradh a dhéanamh lasmuigh, i gcaitheamh an lae, agus*<br>*(b) go mbeidh saoráidí leordhóthanacha oiriúnacha ann chun go bhféadfaidh leanbh réamhscoile a scíth a ligean i gcaitheamh an lae, agus i gcás seirbhís réamhscoile thar oíche, i gcaitheamh an lae agus na hoíche.*<br>*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe na seirbhísí seo a leanas—*<br>*(b) seirbhís cúraim lae iomlán, seirbhís cúraim lae pháirtaimseartha, seirbhís réamhscoile sheisiúnach nó seirbhís feighlíochta leanaí a aistreoidh go dtí áitreabh eile an 30 Meitheamh 2016 nó dá éis, go soláthrófar san áitreabh spás lasmuigh a bheidh oiriúnach agus slán sábháilte agus a mbeidh rochtain ar bhonn laethúil ag na leanaí réamhscoile a*<br><br>*fhreastalaíonn ar an tseirbhís air.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | Táthar tar éis an ceanglas a chomhlíonadh.<br>(1)(a) Tá seilfeanna ísle sa seomra spraoi agus tá teacht ag na leanaí orthu. Tá rogha mhór gníomhaíochtaí, trealamh agus ábhar spraoi ar na seilfeanna agus tá gach ceann díobh ag obair gus á gcothabháil i ndea-bhail. Tá áit spraoi lasmuigh ainmnithe ar fáil sa tseirbhís.<br>(1)(b). Bhí trealamh codlata oiriúnach ann do leanaí os cionn 2 bhliain ar theastaigh codladh uathu agus iad sa tseirbhís. Bhí leapacha inchruachta agus línéadach leapa aonair oiriúnach ar fáil, agus dúirt an duine i bhfeighil go n-athrófar an línéadach leapa |

| | |
|---|---|
| | de réir mar is gá. Léirigh an teimpléad taifid do mhonatóireacht codlata go ndéantar seiceálacha fisiceacha gach 10-nóiméad ar dhath, anáil agus suíomh codlata na leanaí agus iad ina gcodladh. Bhí áit scíthe shainithe curtha ar fáil sa seomra spraoi ina raibh suíocháin bhoga agus mata urláir mór ildaite.<br>(2)(b) Tá áit spraoi ainmnithe lasmuigh curtha ar fáil in aice leis an áitreabh. Tá dromchla uile-aimsire ar an áit spraoi lasmuigh. Tá an áit spraoi lasmuigh iata go hiomlán agus balla brící agus 3 gheata agus glais orthu ar airde an duine fásta mórthimpeall uirthi. Bíonn an áit spraoi lasmuigh daingnithe go hiomchuí fad is a bhíonn na leanaí ag spraoi amuigh. |

| Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile | |
|---|---|
| **Rialachán 22 –** ***Bia agus Deoch*** | |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bia agus deoch atá leordhóthanach oiriúnach agus taoisleannach éagsúil ar fáil do gach leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | Táthar tar éis an ceanglas a chomhlíonadh.<br>-Tá sé beartaithe go gcuirfidh na tuismitheoirí na riachtanais bia agus dí go léir ar fáil do na leanaí agus iad ag freastal ar an tseirbhís. Beidh sos bia eile ag na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís cúram lae pháirtaimseartha. Tá litir seolta chuig tuismitheoirí na leanaí a bhainfidh leas as an tseirbhís cúraim lae páirtaimseartha ag cur in iúl dóibh go mbeidh gá le bia cothaitheach eile a chur ar fáil don leanbh don dara sos agus iad ag freastal ar an tseirbhís.<br>-Beidh uisce óil ar fáil do na páistí.<br>-Beidh deochanna na leanaí ar fáil dóibh gan srian agus iad sa tseirbhís. -Tá cuisneoir ar fáil chun bianna somheata a chuireann tuismitheoirí ar fáil a stóráil.<br>-Tá sé ar intinn ag an tseirbhís torthaí agus bianna tirime a chur ar fáil do na leanaí nuair is gá, mar shampla brioscóga nó cácaí ríse. |

| Cuid VI – Sábháilteacht | |
|---|---|
| **Rialachán 23 - *Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint*** | |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinnteoidh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | Táthar tar éis an ceanglas a chomhlíonadh.<br>• Tá príomhdhoras na seirbhíse daingnithe go cuí, rud a laghdaíonn an baol go dtiocfaidh daoine neamhúdaraithe isteach san áitreabh agus chun a chinntiú nach n-éalódh páistí réamhscoile gan mhaoirsiú.<br>• Tá gach bréagán agus trealamh spraoi sa seomra spraoi beartaithe sábháilte agus i ndea-bhail.<br>• Bhí uisce te rialaithe go teirmeastatach, leacht gallúnaí frithbhaictéarach, tuáillí páipéir ag an mbáisín níocháin le haghaidh níochán lámh agus triomú lámh sláinteach i saoráidí leithris na ndaoine fásta agus na leanaí.<br>• Is ag airde daoine fásta atá na fuinneoga is féidir a oscailt ar urlár na talún.<br>• Tá na cordaí atá ceangailte leis na dallóga fuinneoige uile daingnithe ag bracanna balla.<br>• Stóráiltear trealamh agus ábhair ghlantacháin i seomra in aice leis an seomra spraoi.<br>• Stóráiltear an bosca garchabhrach sa seomra, áit nach bhfuil teacht ag na leanaí air.<br>• Ní raibh aon bhac ar an doras éalaithe dóiteáin éigeandála tráth na cigireachta. |

| Cuid VI - Sábháilteacht | |
|---|---|
| **Rialachán 25– Garchabhair** | |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil..*<br>*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann—*<br>*(a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus*<br>*(b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | Táthar tar éis an ceanglas a chomhlíonadh.<br>(1) Bhí fianaise i scríbhinn ann go raibh teastais oiliúna deimhnithe um Fhreagróir Garchabhrach (FAR) cothrom le dáta ag duine den fhoireann sa tseirbhís.<br>(2)<br>(a) Bhí bosca garchabhrach stóráilte ar sheilf ar airde duine fásta sa seomra spraoi.<br>(b) Bhí dóthain stoic sa bhosca garchabhrach agus bhí rochtain éasca ag an bhfoireann air. |

| Cuid VI – Sábháilteacht | |
|---|---|
| **Rialachán 26– Bearta maidir le Sábháilteacht ó Dhóiteán** | |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—*<br>*(a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus*<br>*(b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh.*<br>*(4) Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | Táthar tar éis an ceanglas a chomhlíonadh.<br>(1) (a) Comhlíontar an ceanglas maidir le foirm a chur ar fáil chun druileanna dóiteáin míosúla a thaifeadadh. Bhí druileanna dóiteáin ar siúl ar bhonn míosúil, agus reáchtáladh an druil dóiteáin mhíosúil dheireanach a taifeadadh ar an 13/06/2024. Dúnadh an tseirbhís ó dheireadh mhí an Mheithimh agus osclófar arís í ar an 26 Lúnasa 2024.<br>(b) Tá taifead ar fáil ar comhad maidir le líon agus cineál an trealaimh chomhraicthe dóiteáin agus an t-aláram deataigh sreangaithe atá ar fáil. Bhí taifid chothabhála na seirbhíse ar fáil inar sonraíodh go ndearnadh an seirbhísiú deireanach ar an trealamh |

| | |
|---|---|
| | dóiteáin i mí Mheán Fómhair 2023 agus go ndearnadh an seirbhísiú deireanach ar na haláraim deataigh i mí Lúnasa 2024.<br>(4) Tá pointe tionóil ainmnithe ag an tseirbhís i gcás dóiteáin. Bhí fógra i dtaobh na nósanna imeachta le leanúint i gcás dóiteáin ar taispeáint san áitreabh. |

| Cuid VI – Sábháilteacht | |
|---|---|
| **Rialachán 28 – Árachas** | |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | Cuireadh luachan árachais faoi bhráid na Foirne Clárúcháin roimh an gcigireacht seo. Ní mór don Soláthraí Cláraithe a chinntiú go bhfuil árachas imleor i bhfeidhm sula gcuirtear tús leis an athrú. Tá an ceadú athraithe ag brath ar chomhlíonadh na soláthraithe cláraithe le Rialachán 28. |

| Cuid VII– Ceanglais maidir le hÁitribh agus Spás | |
|---|---|
| **Rialachán 29– Áitribh** | |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe maidir le háitreabh na seirbhíse—*<br>*(a) go mbeidh struchtúr an áitribh fónta daingean,*<br>*(b) go mbeidh sé slán sábháilte,*<br>*(c) go mbeidh soilsiú, téamh agus aeráil leordhóthanach ann,,*<br>*(d) go ndéanfar é a ghlanadh, a chothabháil agus a dheisiú, de réir mar is gá, agus*<br>*(e) go mbeidh saoráidí sláintíochta atá leordhóthanach agus oiriúnach feistithe ann.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | Táthar tar éis an ceanglas a chomhlíonadh.<br>Ba léir go raibh na ballaí sa seomra spraoi agus na háiseanna leithris i ndea-bhail.<br>(a) Tá sé beartaithe ag an soláthraí seirbhís cúraim lae sheisiúnach agus pháirtaimseartha a oibriú i saoráid atá oiriúnaithe chun seirbhís luathbhlianta a sholáthar inti.<br>(b) Tá an doras isteach agus geataí na seirbhíse daingnithe go cuí cosc a chur ar dhaoine neamhúdaraithe teacht isteach, agus chun a chinntiú nach n-éalódh leanbh ina aonar.<br>(c) Tá fuinneoga inoscailte sa seomra spraoi agus i leithreas na leanaí agus na ndaoine fásta. |

| | |
|---|---|
| | Tá go leor soilse fluaraiseacha agus clúdaigh orthu sa seomra spraoi beartaithe agus sna háiseanna leithris.<br>Is ó théitheoirí leictreacha atá curtha ar an mballa ag airde an tsíleáil a thagann an teas. Taifeadadh teocht aeir an tseomra spraoi agus teocht aeir na leithreas ag 18 go 19 °C le linn na cigireachta.<br>(d) Bhí sceidil ghlantacháin ar fáil, agus bhí na hábhair spraoi go léir glan agus i ndea-bhail.<br>(e) Tá dhá leithreas ainmnithe, agus dhá bháisín níocháin ar fáil do leanaí na seirbhíse. Tá seomra athraithe clúidíní ar leith sa tseirbhís ina bhfuil báisín níocháin ar fáil. Tá leithreas agus báisín níocháin ainmnithe do dhaoine fásta ar fáil lena n-úsáid ag na daoine fásta. Tá go leor leithreas do dhaoine fásta agus do leanaí, agus áiseanna athraithe clúidíní sa tseirbhís.<br>Tá an t-áitreabh ceangailte le córas séarachais poiblí agus tagann an fhoinse uisce ó sholáthar poiblí. |

| Cuid VII– Ceanglais maidir le hÁitribh agus Spás |
|---|
| **Rialachán 30 – Ceanglais Íosta maidir le Spás** |
| *(1) Faoi réir mhíreanna (2) go (6), cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh spás urláir atá leordhóthanach agus saor ó chonstaicí ar fáil san áitreabh do leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile chun obair, súgradh agus gluaiseacht a dhéanamh.*<br><br>*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláine nó seirbhíse cúraim lae páirtaimseartha go mbeidh an méid íosta de spás urláir saor ó chonstaicí a shonraítear i gcolún (3) de Sceideal 7 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Sceideal sin i leith raon aoise leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Sceideal sin ag an uimhir thagartha sin ar fáil do gach leanbh sa raon aoise sin a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.*<br>*(3) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí nó seirbhíse réamhscoile i lárionad buail isteach go mbeidh 1.818 méadar cearnach ar a laghad de spás urláir saor ó chonstaicí ar fáil do gach leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.*<br>*(4) I gcás go soláthróidh soláthraí cláraithe i gcomhthráth—*<br>*(a) seirbhís réamhscoile sheisiúnach, agus*<br>*(b) seirbhís cúraim lae iomlán nó seirbhís cúraim lae pháirtaimseartha, nó iad sin araon, is é an spás urláir a shonraítear i mír (3) an spás urláir íosta saor ó chonstaicí is infheidhme ar feadh ré na seirbhíse réamhscoile seisiúnaí i leith na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís sin.*<br>*(5) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile sealadaí go mbeidh 2 mhéadar chearnacha ar a laghad de spás urláir saor ó chonstaicí ar fáil do gach leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.* |

| | |
|---|---|
| **Ceanglas comhlíonta:** | (1) +(2)<br>Tá Seomra an Naíonra 48.86 méadar cearnach ina iomláine. Tá spás urláir leordhóthanach ar fáil sa seomra spraoi atá beartaithe d'obair, spraoi agus gluaiseacht 21 leanbh ar a mhéid a bheidh ag freastal ar an tseirbhís pháirtaimseartha atá beartaithe. Is é an cóimheas a bhaineann le seirbhís pháirtaimseartha ná duine fásta amháin ag obair le 8 leanbh am ar bith.<br>(3) Tá 1.818 méadar cearnach de spás urláir ag teastáil do gach leanbh sna luathbhlianta a fhreastalaíonn ar an tseirbhís le haghaidh seirbhís sheisiúnach COLÓ. Mar sin, ceadaíonn an spás do 22 leanbh sna luathbhlianta ar a mhéid freastal ar an tseirbhís sheisiúnach.<br>(4)(5) ní bhaineann |

# TUSLA PRE- REGISTRATION REGULATORY INSPECTION REPORT
## Inspection Due to a Proposed Change of Circumstances

| | |
|---|---|
| **Tusla I.D:** | TU2015CC288 |

| | |
|---|---|
| **Name of Service** | Naíonra Chúil Aodha |

| | |
|---|---|
| **Address of Service:** | Ionad Óige Cúil Aodha, Magh Chromtha, Cork |

| | |
|---|---|
| **Email Address:** | joanne@cnng.ie |

| | |
|---|---|
| **Name of Registered Provider:** | Ray Mac Pháidín |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Type of Proposed Service:** | **Full Day Care** | | **Part-Time** | √ | **Sessional** | √ |
| | **Drop-In** | | **Childminding** | | **Temporary** | |

| | |
|---|---|
| **Proposed change:** | • Service proposes to add an additional service type, - to offer a part time service as well as the existing sessional service.<br>• Change in Hours of Operation from. 09:10 to 12:10 to 09:10 to 14:10 hours |
| **Proposed Number of Children:** | A maximum of 21 children to attend part time service.<br>A maximum of 22 children to attend sessional (ECCE) service. |
| **Recommended Change Following Inspection:** | • A maximum of 21 children propose to attend the part time service at any one time. A maximum of 22 children can attend the sessional service at any one time.<br>• Change in Hours of Operation from 09:10 to 14:10 hours |
| **Registered change:** | Additional Service Type from Sessional to Part-Time & Sessional<br>Change in Hours of Operation from 09:10 – 12:10 to 09:10 – 14:10 |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Date of Inspection:** | 0 | 8 | 0 | 8 | 2 | 0 | 2 | 4 |

| | |
|---|---|
| **Inspection undertaken by:** | M.O'Reilly |
| **Title:** | Early Years Inspector |

# TUSLA PRE- REGISTRATION REGULATORY INSPECTION REPORT
## Inspection Due to a Proposed Change of Circumstances

| Tusla Early Years Inspectorate Address: | Early Years Inspectorate Hospital Grounds, Coolnagarrane Skibbereen Co Cork P81 PD78 |
|---|---|

| Rationale for Inspection: |
|---|
| **Proposed Change of Circumstance** |

**Note: For Office use only, to be completed by Registration Office**

| Registration Status: | Registered Part-Time & Sessional Service for 22 (Max 21 Part-Time) Children |
|---|---|
| **Date of Registration** | **17th August 2024** |

| Authority to Inspect |
|---|
| The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(D) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013). |

| | |
|---|---|
| **Description of Service** | Naíonra Chúil Aodha is a registered sessional service that caters for children aged between 2 to 6 years of age and for children attending the Early Childhood Care and Education Scheme ECCE. The service was open from Monday to Friday between the hours 9:10 and 12.10. |
| **Premises** | Naíonra Chúil Aodha operates from one room located on the ground floor of a two-storey community building in the village of Coolea, Macroom, Co Cork. The room has been adapted to provide an early years' service. The Naíonra has two designated children's toilets and one adult toilet facility. There is an enclosed outdoor play area to the rear and side of the premise. |
| **Staffing** | The service proposes to have two adults will work directly with the children in the room. The staff will hold a major award in Early Childhood Care and Education. |
| **Methodology** | The inspection was an announced inspection to assess compliance with the Childcare Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 and Childcare Act 1991 (Early Years Services) (Amendment) Regulations 2016. The Inspection focused on regulations under the following themes: Governance, Health, Welfare and Development of the child, Safety and Premises. |

| | |
|---|---|
| | The findings on inspection based on information obtained through examination of documentation, direct observation, and discussion with relevant staff are documented in the inspection report and taken into consideration when making a decision in relation to registering the change in circumstance. The Inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity; completeness; and compliance with administrative and legal processes. The contents of the report are compiled by the inspectorate body. |
| **Acknowledgements** | The Inspector wishes to acknowledge the cooperation of the co-ordinator development officer and the person in charge who were present on the day of the inspection. |

| Part III - Management and Staff | |
|---|---|
| **Regulation 9 – Management and Recruitment** | |
| *(1) A registered provider shall ensure that—*<br>*(a) the service has a designated person in charge and a named person who is able to deputise as required.* | |
| **Requirement met:** | The requirement has been met.<br>(a)The service has a named designated person in charge and a named deputy. |

| Part III - Management and Staff | |
|---|---|
| **Regulation 11 -Staffing Levels** | |
| *(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*<br>*(8) Without prejudice to paragraphs (2) to (7)—*<br>*(b) a childminder shall ensure that a second person familiar with the operation of the service and in a position to provide assistance to the childminder in operating the service is, at all times, within close distance of the service and available to attend the service to assist the childminder in the event of an emergency, and*<br>*(c) a registered provider of a sessional pre-school shall ensure that, where the person in charge operates the service single-handedly, a second person familiar with the operation of the service and in a position to provide assistance to the person in charge in operating the service is, at all times, within close distance of the service and available to attend the service to assist the person in charge in the event of an emergency.* | |
| **Requirement met:** | The requirement has been met:<br><br>(1) It is proposed that two adults will be employed who will work directly with the children. A third adult will be employed under the Access and Inclusion Model (AIM) Support Scheme.<br><br>(8)<br>(b) Not applicable as this is not a proposed child-minder service.<br>(c) Not applicable as this is not a proposed single-hand operated service. |

| Part V - Care of Child in Pre-school Service | |
|---|---|
| **Regulation 20 - Facilities for Rest and Play** | |
| *(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that—<br>(a) having regard to the number of pre-school children attending the service, their respective ages and the amount of time they spend on the premises, there are adequate and suitable facilities for each child to play indoors and, where required by these Regulations, outdoors, during the day, and<br>(b) there are adequate and suitable facilities for a pre-school child to rest during the day, and in the case of an overnight pre-school service, during the day and the night.<br>(2) A registered provider—<br>(b) of a full day care service, a part-time day care service, a sessional preschool service or a childminding service that moves premises on or after 30 June 2016, shall ensure that a suitable, safe and secure outdoor space to which the preschool children attending the service have access on a daily basis is provided on the premises.* | |
| **Requirement met:** | The requirement has been met.<br>(1)(a) There are low shelves provided in the playroom that are accessible to the children. The shelves are stocked with a large selection of activities, equipment and play materials that are all functioning and maintained in good condition. There is a designated outdoor play area available at the service.<br>(1)(b). There was suitable sleep equipment for children over 2 years that required a sleep while attending the service. Stacking beds were available with suitable individual bed linen and the person in charge stated that the bed linen will be changed as required. The sleep monitoring record template reflected 10-minute physical checks in relation to the colour, breathing and position of children when sleeping. There was a designated rest area provided in the playroom consisting of soft seating and a large colourful floor mat.<br>(2)(b) There is a designated outdoor play area provided beside the premise. The outdoor play area has an all-weather surface. The outdoor play area is completely enclosed with a block wall and three gates with a lock at adult height. The outdoor play area is adequately secured when the children are playing outdoors. |

| Part V - Care of Child in Pre-school Service | |
|---|---|
| **Regulation 22 – *Food and Drink*** | |
| *A registered provider shall ensure that adequate and suitable, nutritious and varied food and drink is available for each pre-school child attending the pre-school service.* | |
| **Requirement met:** | The requirement has been met.<br>-It is proposed that the parents will provide all the food and drink requirements for the children while attending the service. A second nutritional food break will be provided for the children attending the part-time day-care service. A letter has been sent to the parents of the children availing of the part time day care informing them of the requirement to provide a second nutritional food break for the child while attending the service.<br>-There will be potable drinking water available to the children.<br>-The children's drinks will be freely available to the children while attending the service.<br>-A fridge is provided to store perishable foods provided by parents.<br>-The service plan on having fruit and dry foods available for the children when required for example crackers or rice cakes. |

| Part VI – Safety | |
|---|---|
| **Regulation 23 - *Safeguarding health, safety and welfare of child*** | |
| *A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.* | |
| **Requirement met:** | The requirements have been met.<br>• The main door to the service is adequately secured reducing the risk of unauthorised access by a person onto the premises or the leaving of an unsupervised child.<br>• All toys and play equipment in the proposed playroom are safe and in good condition.<br>• There was thermostatically controlled warm water, antibacterial liquid soap, paper hand towels at the wash hand basin for hygienic hand washing and hygienic hand drying in the adult and children's toilet facilities.<br>• The openable windows on the ground floor are at adult height. |

| | |
|---|---|
| | • The cords attached to the window blinds are all secured by wall brackets.<br>• Cleaning equipment and materials are stored in a room beside the playroom.<br>• The first aid box in the room is stored in an area out of children's reach.<br>• The emergency fire exit door was unobstructed at time of inspection. |

| Part VI - Safety | |
|---|---|
| **Regulation 25 – First Aid** | |
| *(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.*<br>*(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children—*<br>*(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and*<br>*(b) is available to the children attending the pre-school service at all times.* | |
| **Requirement met:** | The requirement has been met.<br>(1) There was written evidence that one of the staff in the service held certified, up to date First Aid Responder (FAR) training certificates.<br>(2)<br>(a) The first aid box was stored on a shelf at adult height in the playroom.<br>(b) The first aid box was adequately stocked and readily accessible by staff. |

| Part VI – Safety | |
|---|---|
| **Regulation 26 – Fire Safety Measures** | |
| *(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of—*<br>*(a) any fire drill that takes place in the premises, and*<br>*(b) the number, type and maintenance record of fire fighting equipment and smoke alarms in the premises.*<br>*(4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire shall be displayed in a conspicuous position in the premises.* | |
| **Requirement met:** | The requirement has been met.<br>(1) (a) The requirement is met in relation to the provision of a form for recording monthly fire drills. Fire drills were taking place monthly, and the last recorded monthly fire drill was on the 13/06/2024. Service closed from the end of June reopening on the 26th August 24.<br>(b) A record of the number and type of firefighting equipment and wired smoke alarm is available on file. Service maintenance records were available stating that the fire equipment was last serviced in September 2023 and smoke alarms were serviced in August 2024.<br>(4) The service has a designated assembly point in the event of a fire. A notice of procedures to be followed in the event of a fire is displayed on the premise. |

| Part VI – Safety | |
|---|---|
| **Regulation 28 – Insurance** | |
| *A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.* | |
| **Requirement met:** | An insurance quotation was submitted to the Registration Team prior to this inspection. The Registered Provider must ensure that adequate insurance is in place prior to the commencement of the change. The change approval is contingent on the registered providers compliance with Regulation 28. |

| Part VII – Premises and Space Requirements | |
|---|---|
| **Regulation 29 – Premises** | |
| *A registered provider shall ensure that the premises of the service are—*<br>*(a) of sound and stable structure,*<br>*(b) safe and secure,*<br>*(c) kept adequately lit, heated and ventilated,*<br>*(d) cleaned, maintained and repaired, as required, and*<br>*(e) equipped with adequate and suitable sanitary facilities.* | |
| **Requirement met:** | The requirement has been met.<br>Visibly the walls in the playroom and toilet facilities were in good repair.<br>(a) The provider proposes to operate a sessional and part-time day-care service in a facility that has been adapted to provide an early years service.<br>(b) The entrance door and gates to the service is adequately secured to prevent access by an unauthorised adult or exit by a child.<br>(c) There are openable windows in the playroom and in the children's and adult toilet facility.<br>There are an adequate number of fluorescent lights, fitted with covers in the proposed playroom and toilet facilities.<br>Heating is provided by electrical wall mounted heaters located at ceiling height. The playroom air temperature and toilet area air temperatures were recorded at 18 to 19°C during the inspection.<br>(d) Cleaning schedules were available, and all the play materials are clean and in good condition. |

| | |
|---|---|
| | (e) There are two designated toilets, and two wash hand basins provided for the children in attendance. There is a separate nappy changing room with a wash hand basin available. There is a designated adult toilet and wash hand basin available for use by the adults. There are an adequate number of adult and children's toilets and nappy changing facilities in the service.<br>The premise is serviced by a public sewage system and the water source is from a public supply. |

| Part VII – Premises and Space Requirements | |
|---|---|
| **Regulation 30 – Minimum Space Requirements** | |
| *(1) Subject to paragraphs (2) to (6), a registered provider shall ensure that adequate clear floor space is available in the premises for the work, play and movement of children attending the pre-school service.*<br><br>*(2) A registered provider of a full day care service or a part-time day care service shall ensure that the minimum amount of clear floor space specified in column (3) of Schedule 7 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Schedule in respect of the age range of children specified in column (2) thereof at that reference number is available for each child in that age range attending the service.*<br>*(3) A registered provider of a sessional pre-school service or a pre-school service in a drop-in centre shall ensure that a minimum of 1.818 square metres of clear floor space is available for each child attending the service.*<br>*(4) Where a registered provider contemporaneously provides—*<br>*(a) a sessional pre-school service, and*<br>*(b) a full day care service or a part-time day care service, or both, the minimum clear floor space applicable for the duration of the sessional preschool service in respect of the children attending that service shall be the floor space specified in paragraph (3).*<br>*(5) A registered provider of a temporary pre-school service shall ensure that a minimum of 2 square metres of clear floor space is available for each child attending the service.* | |
| **Requirement met:** | (1) +(2)<br>The Naíonra Room measured 48.86. square meters. Adequate floor space is available in the proposed playroom for the work, play and movement of a maximum of 21 children attending the proposed part time service. The ratio for a part time service is 1 adult to 8 children at any one time.<br>(3) The floor space of 1.818 square meters applies per each early years child attending for the morning ECCE sessional service. Therefore, the space allows up to a maximum of 22 early years child attending the sessional service.<br>(4)(5) not applicable |